

[Tras-scríobhadh an óráid seo a leanas ó *An Claidheamh Soluis*, 12^ú Iúil 1913. Foilsíodh í faoin gceannlíne *An Craoibhín Aoibhinn agus an Uachtaránacht*.]

“Anois ó tá an cheist deiridh sin críochnuighthe, tá focal nó dhó agam le labhairt leis an gCoiste Gnótha. Ní’l fhios ag éinne beo acht agam féin cad tá mé dul a rádh, óir níor leig mé mo rún le h-aon duine. B’éidir nach bhfuil mé i n-ordughadh, ó nár chuireas dadaidh ar an gclár acht tógfaidh mé an cheist seo mar ‘ceist phearsanta, ceist a bhaineann liom féin. Acht ní liom-sa amháin baineann sí, acht le Connradh na Gaedhilge ar fad. Gach focal atá mé dul a rádh libh anocht, do sgríobhas é. Ar an ádhbhar sin ní fheudfaidh aon neach focla do chur in mo bhéal nach dubhras, mar do rinneadh orm cheana, óir béidh an páipéar so in mo láimh le n-a mbreugnughadh. Agus iarraim orraibh, ó is ceist phearsanta í, cead cainte do thabhairt dam agus gan briseadh isteach orm go mbéidh mo chaint críochnuighthe.

Is éigin dam an cheist seo do thóghbháil, anois. Ní’l aon neart agam air. Caithfidh mé mé féin do chosaint faoi fogha do tugadh fúm go puiblidhe, insna páipéaraibh, mar gheall ar rudaibh adubhras ann so ag an gCoiste Gnótha, rudaí adubhras go príomháideach (mar shaoil mise) agus eadrainn féin.

Dubhras go dtugadh fogha fúm mar gheall ar rudaibh adubhras. Acht níl sé sin fíor ar fad. Do cuireadh in mo bhéal rudaí nach dubhras. Do cuireadh, leis, riocht bréige ar na rudaibh adubhras; agus do rinneadh iarracht láidir chum ceap-magaidh agus ball ponómhaide do dhéanamh d’uachtarán Chonnartha na Gaedhilge.

Anois is í seo and chéad cheist atá againn le socrughadh: bhfuil cead agam-sa agus ag daoineibh eile ár gcomhairle thabhairt fá phribhléid d’ár gcómh-shaighdiuraibh agus d’ár gcomráidibh, nuair cuirimid ár gcinn le chéile annsan seomra so? Nó an mbéidh cead ag ball ar bith de’n Choiste Gnótha dul amach, agus a chroicionn féin (croicionn bréige go minic) do chur ar an méid a bhí ar siubhal eadrainn ann so; agus gach focal obann, gach siolla sgiorras ó bhéal dhuine go neamhaireach, d’fhuagraidh do’n domhan; agus a rogha rud do chur ins na páipéaraibh – agus gan é ar chumas an duine ata sé ‘maslughadh é féin do chosaint.

Deirim nach bhfuil sé ar chumas an té atá masluighthe é féin do chosaint. Ní’l sé ar mo chumas-sa, ar mhodh ar bith. Níor sgríobhas litir riamh go dtí páipéar agus ní’l mé dul ag tosughadh air anois. Nuair bhíonn rud le rádh agam-sa, deirim go puiblidhe, i n-óráid, os cómhair an tsluaigh é. Dá dtiubhrainn freagra ar na rudaibh do bhí insna páipéaraibh (indiú abair, ag Feis na Carraige Duibhe, an áit a raibh mé ag labhairt an trathnóna so, nó Dia Luain, ag Feis Phádhraig Mhic Phiarais, atá mé dul d’osgailt dó) agus dá ndéarfainn leó an méad atá mé dul a rádh libh-se anois, cad d’fheicfeadh sibh insna páipéaraibh an lá ar n-a mhárach? Cinnlitre mar so:

Sgoilt ins an Gaelic League.
An Cumann mór Gaedhealach briste.
An Craoibhín ‘gá fágbháil.
Cia chuirfear in a áit?
Ionfantas ar na Gaedhealaibh, áthas amearg na nGall.

Sin é an sórt rud do léighfeadh sibh an lá ar n-a mhárach, dá ndéarfainn ós árd an rud atá im' aigne.

Acht CAITHFIDH mé rud éigin de'n tsórt sin do dhéanamh, gan buidheachas dam, má leigeann an Connradh, d'á chuid comhalta ball-magaidh agus cuspóir-masluighthe do dhéanamh go puiblidhe d'á n-uachtarán féin, os cóhair an tsluaigh. Ní bhéadh sé go maith daoibh-se agus ní bhéadh sé go maith dam féin, uachtarán do bheith ag Connradh na Gaeilge ar baineadh a chlú agus a mheas de, tré litreachaibh agus altaibh agus airtiogliaibh insna páipéaraibh, agus gan freagraidh do thabhairt ar na litreachaibh seo.

Is féidir leis an gCoiste Gnótha aon rud ámháin de'n dá rud so, do dhéanamh.

An chéad-rud: an méid bhíos d'á rádh insan seomra so, é do bheith fá phribhléid idir cáirdibh (agus leig dam a chur leis sin, idir daoibh-uaisle a bhfuil onóir aca agus tabhairt-suas orra). An dara rud is féidir leis an gCoiste Gnótha do dhéanamh, is é lucht na bpáipéaraí nuaidheachta do leigean isteach agus cead do thabhairt dóibh gach aon rud d'á gcloiseann siad do chlóbhualadh.

[Bheadh sé sin dar liom-sa beag-nach chomh críonna agus dá leigeadh Caibineád Shachsana an "press" isteach an t-am do bheadh siad ag cur 's ag cúitiughadh i dtaoibh ceisteanna Státa nó ceisteanna cogaidh]¹.

Acht déarfadh na páipéaraí an fhírinne, ar chuma ar bith. Ní dhéarfadh siad-san bréaga, agus ní chuirfeadh siad a gcroiceann féin ar gach rud. Do bhéadh fhios againn ann soin cá bhfuilimid n-ár seasamh. Ní'l a fhios sin againn anois.

Seo é an sórt rud a bhfuil mé ag labhairt na aghaidh. Bhí mórán airtíogal de'n tsórt so ann le déidheanaigh, acht seo ceann aca im aghaidh féin ag tabhairt mar ainm masluighthe orm (ach ar ndóigh ní ainm masluighthe liom-sa é) *Diplomatist*. Tá's agam agus agaibh-se gur mise an diplomatist fá a bhfuil an sgríobhnóir nó na sgríobhnóirí seo ag caint, óir cuireann sé nó siad i mbéal an *diplomatist* cuid de na rudaibh adubhairt mise ag an gcruinniughadh deiridh den Choiste Gnótha, rudaí do chualaidh sibh uaim-se. Ar an ádhbhar sin caithfidh mé mé féin chosaint. Óir tuigeann sibh-se gur fúm-sa atá sé ag caint. Deir an fear so go mba ró chliste an rud do rinne an Riaghaltas, agus posta maith do thabhairt do *Mr. Glynn*², as Tuaim. '*It has formed,*' adeir sé '*the foundation of the cordial entente now being engineered by the Diplomats of the Coiste Gnótha and Mr. Birrell.*' Éistigí leis sin: '*the cordial entente now being engineered between the diplomats of the Gaelic League and Mr. Birrell!?!?*'

Cia atá 'gá dhéanamh so? Tá na *diplomats* 'gá dhéanamh adeir an sgríobhnóir, agus is fear aca mise. Cad é an fáth sgríobh sé sin? Ar chreid sé féin é? An gcreideann nó an gcreidfídh éinne é? Ní fheadar. Acht inneósaidh mé sgéal daoibh, i dtaoibh ailt bhréagaigh eile do bhí i bpáipear éigin bliadhain nó dhó ó shoin. Dubhairt cara liom-sa leis an bhfear do sgríobh é – 'nach bhfuil fhios agad in do chroidhe nach bhfuil sé

¹ Ní dúbhairt mé na focla a bhfuil an slabhra [] 'na dtimchioll leis an gCoiste Gnótha. Deirim anois iad.

² Seosamh Mac Fhloinn

sin fíor?’ Agus cia an freagra fuair mo chara, ‘*Well it’s necessary to say something to rouse the people up!*’ Go bhfóiridh Dia ar Éirinn an lá a mbéidh a cúis ag seasamh ar bhréig – nó ar aon rud acht ar an nglan-fhírinne amháin.

Acht do réir an bhaill seo de’n Choiste Gnótha tá *entente cordiale* dá dhéanamh, nó d’á chur ar bun, idir Connradh na Gaedhilge agus Mr. Birrell. Má tá, nach measann sibh go mbeadh eólas agam-sa air. Agus ní’l – aon eolas. Cad chuige? Mar nach bhfuil a leithéid ann. Maidir liom féin ní fhacas an Birreallach acht fá dhó. An chéad uair cúig bliadhna ó shoin ag dinéar príomháideach, an dara uair tháinig sé go dtí an t-Oireachtas cúpla bliadhain ó shoin. Níor labhras deich bhfocail leis an uair sin. Níor sgríobhas litir chuige riamh, agus ní bhfuaireas litir uaidh, ón lá cuireadh mé ar Sheanaid na hOllsgoile Náisiúnta go dtí anois: agus cidh gur ab é mé féin adeir é, ní miste do chúis na Gaedhilge mé bheith ar an tSeanaid sin. Acht cuireadh amach na bréaga céadna (b’éidir ón áit chéadna), ceathair nó cúig de bhliadhantaibh ó shoin, nuair bhí mise mo luighe breóidhte i gCondae Roscomáin, agus b’éigin dam litir sgríobhadh agus iad do bhreugnughadh, mar bhí mé ró lag an uair sin le dul go B’l’acliath. Cuireadh amach, mar chualaidh mé, bréaga cosmhail leó arís i mbliadhna, nuair bhí mé breóidhte ar mo leabaidh. Dubhradh gur tinneas bréige do bhí orm agus nár mhaith liom labhairt anaghaidh “sgéim” an Bhirreallaigh i teach an Árd-Mhaoir Lá ‘le Phádhraig.

Deir na daoine nó an duine seo, ‘*The little group of diplomatists fought stubbornly at the March meeting of the Coiste Gnotha to prevent any resolution condemning the scholarship scheme being proposed at the St. Patrick’s Day meeting in the Mansion House.*’ Anois cad í an fhírinne, na thaoibh seo? Nuair bhí sgríobhnóir na línteadh sin ‘na chodhladh, go sámh in a leabhaidh, gan aon eólas aige ar cad do bhí dul ar aghaidh, do bhí mise ag baint codlata na hoidhche díom féin ag sgríobhadh litreacha go dtí na Cómhairleoirí Condae ar fud na h-Éireann, na comhairleoirí sin do bhí ar Chómhairle Ghinearálta na gCondae agus do bhí fábharach don Ghaedhilg ‘gá iarraidh go géar orra teacht go B’l’acliath agus a ngothana do thabhairt anaghaidh sgéim an Bhirreallaigh. Ní bhfuaireas diúltadh ó dhuine ar bith aca. Seo litir fuaireas ó fhear aca. ‘Do ghlaoidh mo chaipín orm – mise a shaighdiúr agus tigim.’ Níor spáráil mé aon trioblóid dam féin. Marbhuigheadh ‘sgéim’ an Bhirreallaigh ins an gcliabhán ag an gComhairle Gheinearálta. Marbhuigheadh roimh ré é. Do marbh na cómhairleoirí féin é. Ní fíor a rádh go raibh aon *stubborn night* – *stubborn* seafóid – ag Coiste Gnótha na Márta. Acht shaoil mise gur mó do chuirfidhe i dtuigsint do’n tír ar fad go raibh Éire ar thaoibh na Gaedhilge, dá leigimís do na Comhairleoiribh Condae féin an sgéim do mharbhadh uatha féin. Óir déarfadh an phoiblidheacht ann sin, rud do b’fhíor, leis, ‘Ó ní hé Connradh na Gaedhilge atá ‘gá dhéanamh chor ar bith, acht Spiorad agus gluaiseacht na tíre.’ Ó bhí fhios agam go raibh an scéim marbh cheana ní raibh aon rud do b’fhusa dham a dhéanamh ‘ná dul amach agus ‘buailim-sgiath’ do dhéanamh díom féin, agus gaisgidheacht do dhéanamh ar – gaisgidheacht agus *playing to the gallery* agus árdbhéal, sin é rud a mhillfeas Connradh na Gaedhilge má leantar dó, mar mhill sé mórán rudaí i n-Éirinn cheana. Ní dhearna mé sin. Na daoine do bhí taobh thiar de scéim an Bhirreallaigh, chonnaic mé go mbfhearr dóibh an fhírinne do thuigsint, nár bh’é an Connradh acht daoine eile do mhill an scéim orra. Bhi siad buailte cheana, agus cad é an mhaith náimhde níos géire do dhéanamh díobh, mar béidh na daoine céadna a’ theastáil uainn arís, le

congnamh Dé, chum Éire do chur ar a bonnaibh (má's rud é go bhfágghmaid Hóm Rúl). B'fhearr liom go mór fada iad bheith cárthannach linn an lá sin 'ná in ár n-aghaidh. [Ní ceart dearmad do dhéanamh ar an méid do rinne an Réamonnach agus an Diolúnach, do labhair go minic ar son oideachais Ghaedhealaigh, gan trácht ar an gcongnamh do fuaireamar ó'n mBeolánach, ó Thomás Ó Domhnaill, agus ó mhórán sean-charad eile do chuidigh le cúis na Gaedhilge nuair bhí gádh leis]³. Acht b'fhearr, is dóigh, le sgríobhnóir (nó le sgríobhnóiribh) na litreach so, náimhde buana do dhéanamh de na daoineibh bheas ag stiúradh Éireann fa Hóm Rúl (má fhágghmaoid é, an bhliadhain seo chugainn, rud fá nach féidir le duine ar bith bheith cinnte). Tá eagla orm nach grádh do'n Ghaedhilg acht grádh d'á gcuid poilitidheachta féin do bhí 'gá mbrostughadh. Acht beirim-se buidheachas do Dhia nár throid mise riamh le duine ar a leithéid de shlighe nach bhféadfainn chomh-oibriughadh leis go cóir carthannach, an lá ar na mhárach, chomh luath agus bhéadh ár n-easaontas críochnuighthe. [Is dóigh go gcreideann na múinteoirí sgoile féin anois gur cara dóibh mise. Tá súil agam go gcreididh, óir is fíor é]⁴.

Anois i dtaoibh an Árachais nó an Urradhais. Deir an duine seo arís, insna páipéaraibh puiblidhe: *'At this month's meeting the diplomatists completely eclipsed all their previous efforts. The diplomatists propose at the Coiste Gnótha that, in teeth of the former resolution to which they had assented, they now unconditionally comply with the Act.'* Is cuimhin libh go léir nuair cuireadh an céad-rún i bhfeidhm, leith-bhliadhain ó shoin, go ndubhras go ndéanfainn féin mo chuid gnótha le lucht an Árachais as Gaedhilg amháin, nach sgríobhfainn chuca acht i nGaedhilg, agus dá dtigeadh duine uatha chugam-sa nach labhróchainn leis acht i nGaedhilg, acht dubhairt mé go soiléir (agus chualaidh gach éinne mé) nach raibh mé féin dul ag troid leis an mBórd mar gheall ar an stampa agus ar an gcárda, mar nach raibh acht aon stampa amháin agus aon chárda amháin ann, ar fud na dtrí ríoghacht.

Ní dhéanfadh aon rud an gnó don Choiste Gnótha an lá sin acht dul anaghaidh Achta an Árachais mar gheall ar gan stampa speisialta Gaedhilge do bheith aca! Bhí go maith agus ní raibh go holc. Nuair bhí na sé míosa caithte (óir ní féidir aon rún athrughadh go ceann sé mhí tar éis a chur i bhfeidhm), d'éirigh mise agus dubhairt mé an rud céadna arís, gur shaoil mé gur ab amaideach (nó ar a laghad gur ab neamh-chiallmhar) an bheart é, dul ag troid leis an Riaghaltas ag iarraidh stampa Gaedhilge orra nuair adubhradh go speisialta i mBille an Hóm Rúl nach mbeadh cead ag Éirinn, faoi Hóm Rúl féin, stampáí speisialta do bheith aici. Níor mhaith liom brigh agus cúmhacht agus airgead agus fórsa Chonnartha na Gaedhilge do chaitheamh ar an troid sin, troid a raibh mé cinnte nach dtiucfhaidis amach i n-uachtar aisti. Nach raibh an ceart agam an chómhairle sin do thabhairt daoibh? Ní bheinn ag déanamh mo dhualgais ar an gConradh so muna dtugainn. Ní dubhairt mé focal i daoibh *'unconditional complying.'* Dubhairt mé ár gcuid gnótha ar fad do dhéanamh as Gaedhilg, acht gan troid do chur ar bun mar gheall ar chárdaibh agus ar stampaibh. Cuimhnigheann sibh go léir sin, óir ní'l sé acht mí ó shoin.

³ Ní dubhairt mé an méid atá san alt san i láthair an Choiste Gnótha. Deirim anois é.

⁴ Ní dubhairt mé an dá líne seo leis an gCoiste Gnótha. Deirim anois iad.

Acht adeir an fear so, *'In Wales the Insurance Cards are in Welsh.'* Neamh-fhírinne eile! Earráid eile! (Budh chóir "Breug" eile a rádh acht nach taithnigheann an focal sin liom.) Tá aon chárda amháin ann ar son na na dtrí Ríoghacht, mar atá aon stampa amháin. Ná measaigí nach nglacfaínn chomh toilteanach le duine ar bith agaibh, cárda agus stampa i nGaedhilg dá bhféadfainn iad d'fhágáil, acht do chreideas nach mbéadh na Cómhairlí Condae agus an tír ar ár gcúl dá n-iarraidh agus nach mbeimis acht ag cur ár gcuid fórsa amúgha ar son rud nach mbeadh aon tairbhe speisialta ann dá bhfuighimis féin é. Ní dhéanfaidh sé aon chainteoir amháin Gaedhilge sa bhreis ins an Oileán. Is cúis phoilitidheachta, is dóigh liom, atá ó mo charaid nó ó mo cháirdibh a sgríobhas na h-airtiogail seo.

'The diplomatists', adeir an duine seo arís, *'are, of course, very close friends of the chairman of the Insurance Commission. He must not be embarrassed!'* Castaoi an chairman sin orm gach uair do théidhinn go Tuaim, fad ó, ar obair Chonnartha na Gaedhilge, agus thug sé conghnamh láidir dham agus dúinn go léir agus ní fear mé nach bhfuil buidheach de lucht mo chonghanta. Acht níor chuir mé mo chos in a thigh ariamh, i dTuaim ná i mB'Í' acliath agus ní aithneóchainn a bhean ná a chlann an tsráid amárach dá gcastaoi orm iad. Sin é an *close friend*! Ní ar mhaithe leis an chairman do bhí mé ag labhairt, acht ar mhaithe leis an nGaedhilg.

Deir ár nduine uasal annsin, agus é ag cur síos orm-sa go soiléir, gan aon dabht *'Perhaps subscribers to the Language Fund might learn to find some better use for their money than to enable leading Gaelic Leaguers to climb by means of the movement into lucrative and not very exacting positions and later on may be, to titles.'*

Ní fheicim féin go maith cad is ciall do sin acht is dóigh gur ab é seo é, nach mbéinn im' ollamh anois 'san Ollscoil Náisiúnta, acht go raibh mé im' uachtarán ar Chonnradh na Gaedhilge ar dtús. Ní fíor é sin, acht an oiread. Tá ceathrar ollamh Gaedhealach ann agus an tuarastal céadna ag dul do gach éinne aca. Baineann beirt le Connradh na Gaedhilge ag ní bhaineann an bheirt eile. Má rinneadh díom-sa do bhrigh gur bhaineas le Connradh na Gaedhilge rinneadh ollamhna díobh-san do bhrigh nár bhaineadar. Bhfuil fios nó ciall nó reusún ar bith ag an duine seo? Nach gcuimhnigheann sé cia h-íad na daoine do cheap na hollamhna, Professor Jackson as Cambridge, Sir Seón Rhys as Oxford; agus na daoine eile do bhí ar an gcoimisiún, is dóigh liom gur mó do bhéadh sé im' aghaidh ná im' fhábhar mise bheith im' uachtarán ar an gConnradh so. Ní h-eadh! Cheapadar mé de bhrigh nach raibh fear eile ag cur isteach ar an áit a raibh an cleachtadh céadna aige ar ollscoilidheacht agus do bhí agam-sa. Bhí mé im' L.L.D. ó Ollscoil na Tríonóide, im' D. Litt. ón Ollscoil Ríoghamhail. Bhí mé im' ollamh ins na nuadh-teangtheachaibh ar feadh bliadhna i n-Ollscoil Státamhail New Brunswick. Thug mé leictiúirí uaim i mórán do na hOllscoileannaibh is measamhla agus is mó san Domhan Thiar: Yale, Harvard, Berkely agus mórán eile. Bhí ceithre boinn óir agam ó Choláiste na Tríonóide. Bhí eólas agam ar Ghearmáinis, Fraincis, Iotáilis agus tuilleadh. Badh léir dóibh nár 'bh amadán do bhí ionnam, ó chruinnigh mé dhá mhíle dhéag púnta do'n Chonnradh so i rith seacht míosa. Thaisbeán sé sin dóibh gur cainteoir mé agus ba é an diplomacy (fá a bhfuil mo chara ag casaoid anois) thug slán abhaile mé leis an méid sin airgid gan oiread agus aon námhaid amháin do dhéanamh ná aon fhocal do bheith á labhairt im'

aghaidh ó San Fransisco go New York agus ó Memphis i dTennessee go dtí Toronto san gCanada. Acht an rud ba mhó mheadhachain leis na daoineibh do cheap mé mar ollamh, ba é go raibh a bhfad níos mó leabhar Gaedhilge sgríobhtha agam-sa 'ná ag éinne eile, agus go raibh mé im' uachtarán ar Chumann na Sgríbhneann Gaedhilge i Londún, thug amach an oiread sin de leabhraibh breágha Gaedhilge, agus gurbh mise an chéad duine do sgríobh Stair na Litireachta Gaedhilge. Do sgríobhas leabhar mhór (16s a luach), agus do bhí an leabhar mór costasach sin insan gceathramhadh cur-amach (rud iongantach ar fad) nuair rinne an coimisiún ollamh díom. Acht b'éidir go ndéarfadh mo chara nach raibh mo chuid leabhar go maith. Seo, mar sin, litir fuaireas ó Dr. Kuno Meyer (nach raibh aon aithne agam air roimhe sin, thig liom a rádh), an tseachtmhain chéadhna tháinig an leabhar amach.

'Dear Douglas Hyde,

I ordered your book from my bookseller and it came yesterday, since when I have been reading nothing else. You have, if you will allow me to say so, given a very clear and fascinating account both of the facts and problems of Irish literature, and your own opinions and sentiments – which latter I am specially pleased to find so freely expressed – form a most valuable commentary. You can imagine my interest in your book when I tell you that I am pledged to the S.P.C.K. to write a similar book – when I can finish it das wissen die Götter. We shall not agree on all points, but I shall never dissent from you without carefully weighing your opinion.'

Ní do mo mholadh féin atá mé ag léigheadh na litre seo. Fuaireas í san mbliadhain 1899 agus ní mheasaim gur thaisbeánas riamh í d'aon duine roimhe seo. Acht ó dubhairt ball de'n Choiste Ghnótha go puiblidhe ins na páipéaraibh go bhfuair mé an posta sin san Ollscoil tré Chonradh na Gaedhilge, budh mhaith liom a thaisbeánt dó nach bhfuil an ceart aige agus go bhfuighinn é (is dóigh) dá mbudh rud é nach raibh aon Chonradh na Gaedhilge ann, agus is dóigh, leis, gur mó do bhí an Connradh im' aghaidh 'ná ar mo shon san toghadh.

Ní fhéadam dul isteach i gceist na hOllsgoile anois, acht iarraim orraibh a chreideamhaint uaim-se gurab é an '*diplomacy*' céadna sin, do rinne an Ghaedhilg éigeantach de bhreis aon ghotha amháin; agus dá ndéanainn agus dá n-abhrainn aon rud acht an rud do rinneas agus dubhras go mbuadhfaoi orrainn, chomh cinnte agus atá mise mo shuidhe san gcathaoir seo.

Tá ocht bhfichid sgoiláire agam san Ollscoil andiú, agus tuigfidh sibh ón litir seo do fuair mé uatha – agus gan aon choinne agam léi – coicidheas ó shoin nach bhfuil aon locht aca-san air, mar "diplomacy."

'Coláiste na h-Iol-scoile,
Bealtaine 20^{ADH}, 1913

Do'n Chraoibhín Aoibhinn,

D'iarr Coiste an Chumainn Ghaedhealaigh [sin cumann Ghaedhealach Coláiste na hOllsgoile i mB'í'acliath] orm buidheachas an Chumainn do chur i n-iúl duit mar gheall ar gach ar dheinis dó i rith na bliadhna – an spéis a chuiris in a imtheachtaibh agus an chabhair a thugais nuair a bhí gádh leis, acht go mór-mhór mar gheall ar an

mbonn óir luachmhar a bhronnais ar an gCumann mar ghríosughadh do chainteoiribh.

Mise,
S.B., Rúnaire an Chumainn'

Tá mé 'g'ur gcongbháil ró fhada. Acht tá mé do mo chosaint féin ar gach fogha tugadh fúm, ar an gcúl-chaint agus ar an ith-iomrádh. Bhí mise i gcómhnuidhe dílis do'n Choiste Gnótha, cad tá mé dhéanamh anois nach bhfuil an Coiste Gnótha dílis damh-sa?

An amhlaidh go measann sibh go bhfuil mé fá chomaoín mhóir ag an gConnradh? Cad do rinne an Connradh damh-sa riamh acht uachtarán do dhéanamh díom, agus chomh fada agus bhíodar dílis damh-sa (mar bhí mise dílis dóibh-sean), ba mhór an onóir liom é. Thaithnigh an obair liom. Ní raibh rud a rinneas nach ar bhur son-ne do rinneas é. Is orraibh-se do smaoinighinn i gcómhnuidhe, ar chomh sásta agus do bhéadh sibh nuair fuaireamar buaidh i n-aon rud. Nuair deir duine go bhfuil grádh aige do Éirinn cad is ciall dó sin. Ní chialluigheann sé go bhfuil grádh aige do thalamh na h-Éireann acht do na daoineibh atá ar an talamh sin. Is mar sin damh-sa. Bhí grádh agam daoibh-se go léir, ba chuma liom cia aca as Cúige Mumhan, Cúige Connacht, Cúige Uladh nó as Cúige Laighean sibh. Comh-shaighdiúraí liom-sa sibh. Bráithre, dearbhráithreacha agus lucht gaoil liom-sa sibh. Bhí mé chomh dílis daoibh-se go dtí an lá indiú agus do bhí duine riamh do dhuine eile. Do chaith mé mé féin ar bhur son. Nuair bhéadh lá saoire agam, ní ar mo chuid grinn ná ar mo chuid oibre féin do chaithinn é, acht ar obair an Chonnartha, ag sgríobhadh litreacha go dtí ceithre háirde an domhain. Nuair thigeadh Américánaigh nó daoine eile ó'n nGearmáin nó ó'n bhFrainc ag lorg eólais ar chúrsaibh na Gaedhilge, bhí mise ann sin, agus teach agam, agus bheirinn dóibh aoidheacht, nó dhéanainn dóibh aon rud eile do bhí ar mo chumas a n-ainm an Chonnartha agus ar son an Chonnartha. Do bhris mé le cuid de mo cháirdibh ar son mo ghrádh don Ghaedheal. An bhean gaoil d'fhágfadh airgead agam dá mbéinn mo Sheóinín, níor fhág sí pighin ruadh agam in a h-údhacht. Daoine-uaisle mo chondae féin, is dóigh leó go bhfuil mé as mo chéill, agus ar buile. Mo chomráidí ó Choláiste na Tríonóide is ar éigin labhrann siad liom. Bhí mé le mí idir an mbás agus an mbeatha leis an tinneas tháinig orm tar éis mo theacht abhaile ó America. Is iomdha poll chuir mé im' sporán féin, ag labhairt ar fud na h-Éireann óir níor ghlac mé pighin ón gConnradh riamh. Acht ba chuma liom sin go léir mar gheall ar mo ghrádh do'n Ghaedheal, agus chomh fada agus shaoileas go raibh grádh ag an nGaedheal damh-sa.

Nuair chuireamar Connradh na Gaedhilge ar bun ar dtús, agus ní'l duine insan seomra so anocht do bhí i láthair an uair sin acht mé féin, ba í an chlochbhuin do bhí faoi, Bráithreachas, Carthanas, Cineáltas, Sibhialtacht, Cúirtéiseacht. Níor iarr mise riamh mo bharamhail féin do chur 'na luidhe ar an gConnradh. Ní raibh fear riamh ann ba lúgha lámh-láidir agus ba lúgha máighistreacht 'ná mise. Ní raibh mé cosmhail leis an bPáirnéallach, bhí mé isteach 's amach ameach na ndaoine, bhí mé i gcómhnuidhe i n-aice leó agus b'fhorus dul i n-aice liom-sa

Agus ó nach raibh mé cosmhail leis an bPáirnéallach i dtaoibh lámh-láidir agus máighistreachta, ní mó is cosmhail leis mé i dtaoibh na h-uachtaránachta. Throid

seisean mar leómhan sul chuirfeadh sé suas dí. Tá mise (ar an láimh eile) réidh le h-éirge as amárach, nó anocht féin – go fonnmhar, go toilteanach.

Ní fhéadann duine obair mhaith a dhéanamh acht san áit a bhfuil a chroidhe san obair. Ní bhéidh croidhe ná coráiste ag aon duine má mheasann sé go bhfuil daoine 'na thimchioll nach bhfuil dílis dó. Ní fhéadann éinne a chroidhe bheith ins an obair nuair tá fhios aige (cébé rud adeir sé) go gcuirfear cuma bréige, agus croicionn nach bhfuil fíor, ar a chuid cainte, agus go gcrochfaidhear a ainm i n-áirde an lá ar n-a mhárach i bpáipéaraibh puibhlidhe na tíre mar préachán bréige chum cock-shot do dhéanamh dhe. Is féidir le h-amadán ar bith crann do ghearradh, in aon lá amháin, do chaith céad bliadhain ag fás – 'seadh! Is féidir leis, má leigeann na daoine eile dhó!

Ní'l aon duine i n-Éirinn is mó d'fhulaing maslughadh ar son na Gaedhilge 'ná mé féin. Cia chuimhnigheas anois ar an troid do bhí eadraim féin agus Coláiste na Trionóide fad ó, nuair bhuaidh mé orra ar an gCoimisiún i dtaoibh Meadhon-Oideachais na tíre. Ní'l fhíos ag éinne acht agam féin an masla agus an tarcuisne do fuaireas an uair sin ó'm cháirdibh ins an gcoláiste sin. [Ba í sin an uair do sgríobh mé Pleusgadh na Bulgóide].

Na dhiaidh sin do thug mé fogha fíochmhar fá an mBord Náisiúnta, agus lean mé don chogadh sin gan mórán conganta ó éinne, agus mé leathlámhach go leór, acht bhain mé crathadh asta.

Dubhairt an Canónach Ó Murchadha i Maigh Nuadhat go raibh mé ag déanamh éagcóra ar na Sagartaibh!

Ba dhóigh le múinteoiribh Sgoile na h-Éireann go raibh mé a' déanamh éagcóra orra féin. Do chuir céad agus seacht gcumainn déag ar fhichid díobh-san rúin-mhasluighthe nó rúin-cháinte i bhfeidhm im' aghaidh-se. Bhíodh na páipéaraí lán aca ó ló go ló. Ní raibh aon neart agam air, b'éigin dam a sheasamh.

Náimhde ós áird do bhí ionnta so go léir. D'fhreagair mé ós áird agus bhuaill mé iad. Acht ní fhéadaim freagraidh thabhairt ar náimhdibh atá i riocht carad. Ní'l duine beó a bhfuil sé ar a chumas seasamh anaghaidh lucht feille in a champa féin. Anois tá mé tuirseach de'n mhaslughadh. Sin í an fhírinne. B'éigin dam a sheasamh ó na daoineibh eile. Acht (deirim an méid seo libh go neamhbhalbh) ní sheasfaidh mé níos fuide é, ó mo mhuinntir féin.

Árduighim mo ghuth go láidir anocht anaghaidh poilitidheachta i gConnradh na Gaedhilge, agus anaghaidh na ndroch-rudaí leanas go ró mhinic do'n phoilitidheacht so, mar is léir daoibh féin, anaghaidh cúl-chainte, anaghaidh seirbhe, anaghaidh géire, anaghaidh buirbe, anaghaidh faltanaí, anaghaidh tnúith, anaghaidh éada, anaghaidh droch-fhola, agus anaghaidh droch-iontaoibhe ar dhaoineibh atá ag déanamh a ndíthchill. Bheirim rabhadh daoibh (rabhadh óm chroidhe amach) anocht – má leantar do phoilitidheacht taobh istigh de'n Chonradh, agus do mhaslughadh de'n tsort so, go dtiomáinfear amach as an gConnradh na daoine is fearr, duine ar dhuine – go bhféadfaidh siad é mar d'fhág an Dochtúir Ó hIcidhe é agus béidh cead ag an bhfuighleach a rádh ann sin (an rud atá uatha b'éidir) gurab iad-san amháin na

fíor-patriots, agus nach bhfuil ins an gcuid eile dínna acht daoine gan mhaith agus lucht beag-is-fiú..."

Bhí sean-fhocal ag na Gaedhealaibh fad ó –

'Caith agus cosain mé.'

Tá Connradh na Gaedhilge dam' CHAITHEAMH go cinnte, idir corp agus inntleacht agus airgead. Acht ní fheicim go bhfuil siad dom' CHOSAINT. Chonncadar cad tá dul ar aghaidh le tamall anois, agus níor thógadar lámh ná méar 'na aghaidh.

Ar an ádhbhar sin chaill mé mo chroidhe agus mo mhisneach, agus níor chóir dam-sa ná daoibh-se uachtarán nach bhfuil a chroidhe ins an obair do bheith ins an gcathaoir seo. Ar an ádhbhar sin fágaim an chathaoir seo anois tar éis mé bheith innti ar feadh fichead bliadhan, agus cuirim mé féin fá choimirce an Choiste Gnótha agus na tíre. Fágaim slán agus beannacht agaibh."